2025/1944

30.9.2025

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/1944 ÓN gCOIMISIÚN

an 29 Meán Fómhair 2025

lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le caighdeáin tagartha le haghaidh próisis chun sonraí a sheoladh agus a fháil i ríomhsheirbhísí seachadta cláraithe cáilithe agus a mhéid a bhaineann le hidir-inoibritheacht na seirbhísí sin

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le ríomh-shainaitheantas agus seirbhísí iontaoibhe le haghaidh ríomh-idirbheart sa mhargadh inmheánach agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/93/CE ([1]), agus go háirithe Airteagal 44(2) agus Airteagal 44(2b) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Cuireann seirbhísí seachadta cláraithe leictreonacha cáilithe cainéal slán ar fáil chun doiciméid a tharchur, lena n-áirítear cruthúnas gur seoladh agus go bhfuarthas na sonraí. Is é is aidhm dóibh cinnteacht a thabhairt maidir leis an seolaí a shainaithint agus ardleibhéal iontaoibhe a áirithiú i sainaithint an tseoltóra.

(2) Níor cheart feidhm a bheith ag an toimhde comhlíontachta a leagtar síos in Airteagal 44(1a) de Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ach amháin i gcás ina gcomhlíonann seirbhísí iontaoibhe cáilithe chun ríomhsheirbhísí seachadta cláraithe cáilithe a sholáthar na caighdeáin a leagtar amach sa Rialachán seo. Ba cheart na caighdeáin sin a bheith ina léiriú ar chleachtais sheanbhunaithe agus ba cheart iad a aithint go forleathan laistigh de na hearnálacha ábhartha. Ba cheart iad a oiriúnú chun go n-áireofaí leo rialuithe breise lena n-áirítear slándáil agus iontaofacht na seirbhíse iontaoibhe cáilithe.

(3) Má chloíonn soláthraí seirbhísí iontaoibhe leis na ceanglais a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo, ba cheart do chomhlachtaí maoirseachta a thoimhdiú go bhfuil ceanglais ábhartha Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 á gcomhlíonadh agus breithniú cuí a dhéanamh ar an toimhde sin chun stádas cáilithe na seirbhíse iontaoibhe a dheonú nó a dheimhniú. Mar sin féin, féadfaidh soláthraí cáilithe seirbhísí iontaoibhe brath fós ar chleachtais eile chun comhlíonadh cheanglais Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 a léiriú.

(4) De bhun Airteagal 44(2a) de Rialachán (AE) Uimh. 910/2014, i gcás ina gcomhaontaíonn soláthraithe cáilithe seirbhísí iontaoibhe a gcuid seirbhísí a dhéanamh idir-inoibritheach, tá sé tábhachtach go gcloífidh siad leis na caighdeáin agus na sonraíochtaí iomchuí a leagtar síos in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme seo chun sonraí cláraithe leictreonacha a aistriú go héasca idir dhá sholáthraí cháilithe seirbhísí iontaoibhe nó níos mó agus chun cleachtais chothroma a chur chun cinn sa mhargadh inmheánach.

(5) Déanann an Coimisiún measúnú tráthrialta ar theicneolaíochtaí, cleachtais, caighdeáin nó sonraíochtaí teicniúla nua. I gcomhréir le hAithris 75 de Rialachán (AE) 2024/1183 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]), ba cheart don Choimisiún an Rialachán Cur Chun Feidhme seo a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta, más gá, chun é a choimeád i gcomhréir le forbairtí domhanda, leis an gcreat ailtireachta agus tagartha, agus chun na dea-chleachtais ar an margadh inmheánach a leanúint.

([1]) IO L 257, 28.8.2014, lch. 73, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2014/910/oj.

([2]) Rialachán (AE) 2024/1183 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 a mhéid a bhaineann leis an gCreat Eorpach um Chéannacht Dhigiteach a bhunú (IO L, 2024/1183, 30.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1183/oj).

(6) Tá feidhm ag Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]), agus, i gcás inarb ábhartha, ag Treoir 2002/58/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]) maidir le gach gníomhaíocht próiseála sonraí pearsanta faoin Rialachán seo.

(7) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]) agus thug sé a thuairim uaidh an 6 Meitheamh 2025.

(8) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir le tuairim an choiste a bunaíodh le hAirteagal 48 de Rialachán (AE) Uimh. 910/2014,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Caighdeáin tagartha agus sonraíochtaí le haghaidh ríomhsheirbhísí seachadta cláraithe cáilithe

Leagtar amach na caighdeáin agus na sonraíochtaí tagartha dá dtagraítear in Airteagal 44(2) de Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Caighdeáin tagartha agus sonraíochtaí le haghaidh idir-inoibritheacht idir ríomhsheirbhísí seachadta cláraithe cáilithe

Leagtar amach na caighdeáin agus na sonraíochtaí tagartha dá dtagraítear in Airteagal 44(2b) de Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 3

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 29 Meán Fómhair 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

([3]) Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/679/oj).

([4]) Treoir 2002/58/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Iúil 2002 maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le príobháideachas a chosaint san earnáil cumarsáide leictreonaí (an Treoir maidir le príobháideachas agus cumarsáid leictreonach) (IO L 201, 31.7.2002, lch. 37, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2002/58/oj).

([5]) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1725/oj).

IARSCRÍBHINN I

Liosta na gcaighdeán tagartha agus na sonraíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 1

Tá feidhm ag caighdeán ETSI EN 319 521 V1.1.1 (2019-02) ('ETSI EN 319 521') leis na hoiriúnuithe seo a leanas:

1. Le haghaidh ETSI EN 319 521

(1) 2.1 Tagairtí normatacha:

— [1] ETSI EN 319 401 V3.1.1 (2024-06) 'Ríomhshínithe agus Ríomhbhonneagair; Ceanglais Bheartais Ghinearálta le haghaidh Soláthraithe Seirbhísí Iontaoibhe'.

— [2] ETSI EN 319 411-1 V1.5.1 (2025-04) 'Ríomhshínithe agus Ríomhbhonneagair; Ceanglais bheartais agus slándála le haghaidh Soláthraithe Seirbhísí Iontaoibhe a eisíonn deimhnithe; Cuid 1: Ceanglais ghinearálta'.

— [3] ETSI EN 319 522-1 V1.2.1 (2024-01) 'Ríomhshínithe agus Ríomhbhonneagair; Ríomhsheirbhísí Seachadta Chláraithe; Cuid 1: Creat agus Ailtireacht'.

— [4] ETSI EN 319 522-2 V1.2.1 (2024-01) 'Ríomhshínithe agus Ríomhbhonneagair; Ríomhsheirbhísí Seachadta Chláraithe; Cuid 2: Ábhar séimeantach'.

— [5] An Grúpa Eorpach um Dheimhniú Cibearshlándála, Foghrúpa maidir le Cripteagrafaíocht: 'Sásraí Cripteagrafacha Comhaontaithe' arna bhfoilsiú ag Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil ('ENISA') ([1]).

— [6] ISO/IEC 15408-1:2022 – 'Slándáil faisnéise, cibearshlándáil agus cosaint príobháideachais – Critéir mheastóireachta maidir le slándáil TF.

— [7] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/482 ([2]) ón gCoimisiún lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2019/881 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le glacadh na scéime Eorpaigh um dheimhniú cibearshlándála bunaithe ar Chritéir Choiteanna (SEDC). ([3])

— [8] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/3144 ón gCoimisiún lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/482 a mhéid a bhaineann leis na caighdeáin idirnáisiúnta is infheidhme agus lena gceartaítear an Rialachán Cur Chun Feidhme sin.

— [9] FIPS PUB 140-3 (2019) 'Ceanglais Slándála maidir le Modúil Chripteagrafacha'.

(2) 3.1 Téarmaí

— ríomhshéala ardleibhéil: Mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 [i.1].

— síniú leictreonach ardleibhéil: Mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 [i.1].

— ríomhshéala cáilithe: Mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 [i.1].

— síniú leictreonach cáilithe: Mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 [i.1].

— gléas cripteagrafach slán: gléas ag a bhfuil eochair phríobháideach an úsáideora, a chosnaíonn an eochair sin ar chomhréiteach agus a fheidhmíonn feidhmeanna sínithe nó díchriptithe thar ceann an úsáideora.

([1]) https://certification.enisa.europa.eu/publications/eucc-guidelines-cryptography_en.
([2]) IO L, 2024/3144, 19.12.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/3144/oj.
([3]) IO L, 2024/482, 7.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/482/oj.

(3) 5.1.1 Forálacha coiteanna

— REQ-ERDS-5.1.1-01 Áiritheoidh ERDS go ráthófar infhaighteacht, sláine agus rúndacht inneachar an úsáideora go leordhóthanach agus é á láimhseáil ag ERDS, agus roghnóidh sé teicnící cripteagrafacha sláine agus rúndachta oiriúnacha a chomhlíonann na Sásraí Cripteagrafacha Comhaontaithe arna bhformhuiniú ag an nGrúpa Eorpach um Dheimhniú Cibearshlándála agus arna bhfoilsiú ag ENISA [5].

(4) 5.2.1.1 Ginearálta

— REQ-QERDS-5.2.1.1-01 Fíoróidh QERDSP le leibhéal an-ard iontaoibhe céannacht an fhaighteora go díreach nó trí bhrath ar thríú páirtí, agus trí úsáid a bhaint as ceann de na modhanna seo a leanas nó meascán díobh de réir mar is gá:

(a) trí láithreacht fhisiciúil an duine nádúrtha nó ionadaí údaraithe an duine dhlítheanaigh, trí bhíthin fianaise iomchuí agus na nósanna imeachta iomchuí, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta;

(b) go cianda, trí mhodh ríomh-shainaitheantais, a chomhlíonann na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 8 de Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 [i.1] maidir leis an leibhéal dearbhaithe ‘ard’, nó trí bhíthin na Tiachóige Eorpaí Céannachta Digití;

(c) trí bhíthin deimhniú ríomhshínithe cháilithe nó deimhniú ríomhshéala cháilithe;

(d) trí mhodhanna sainaitheantais eile a úsáid, lena n-áirithítear gur féidir an duine nádúrtha nó ionadaí údaraithe an duine dhlítheanaigh a shainaithint le leibhéal an-ard iontaoibhe. Dearbhóidh comhlacht measúnaithe comhréireachta an dearbhú go ndéantar an tsainaithint sin le leibhéal an-ard iontaoibhe.

— REQ-QERDS-5.2.1.1-01A Fíoróidh QERDSP céannacht an tseoltóra trí mhodhanna iomchuí, go díreach nó trí bhrath ar thríú páirtí, ar bhonn ceann de na modhanna seo a leanas nó ar theaglaim díobh sin:

(a) trí láithreacht fhisiciúil an duine nádúrtha nó ionadaí údaraithe an duine dhlítheanaigh, trí bhíthin fianaise iomchuí agus na nósanna imeachta iomchuí, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta;

(b) go cianda, trí bhíthin na Tiachóige Eorpaí Céannachta Digití nó trí mhodh ríomh-shainaitheantais ar tugadh fógra ina leith lena gcomhlíontar na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 8 de Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 [i.1] maidir leis an leibhéal dearbhaithe ‘substaintiúil’ ar choinníoll gur eisíodh é bunaithe ar láithreacht fhisiciúil an duine nádúrtha nó ionadaí údaraithe an duine dhlítheanaigh roimhe sin;

(c) trí bhíthin deimhniú ríomhshínithe ardleibhéil nó deimhniú ríomhshéala ardleibhéil, ar choinníoll gur eisíodh an deimhniú don duine nádúrtha nó d’ionadaí údaraithe an duine dhlítheanaigh faoin mBeartas um Dheimhniú Normálaithe (NCP) mar a shainmhínítear in ETSI EN 319 411-1 [2]; nó

(d) trí mhodhanna sainaitheantais eile a úsáid, lena n-áirithítear gur féidir an duine nádúrtha nó ionadaí údaraithe an duine dhlítheanaigh a shainaithint le leibhéal an-ard iontaoibhe. Dearbhóidh comhlacht um measúnú comhréireachta an dearbhú go ndéantar an tsainaithint sin le hardleibhéal iontaoibhe.

— TABHAIR FAOI DEARA Féadfaidh an tríú páirtí a fhíoraíonn céannacht an tseoltóra agus an fhaighteora a bheith ina QERDSP eile má tá an seoltóir agus an faighteoir liostáilte le QERDSPanna éagsúla.

(5) 5.2.1.2 Aitheantas an fhaighteora agus aistriú inneachar an úsáideora

— REQ-QERDS-5.2.1.2-03 Má tá sainaithint an fhaighteora bunaithe ar phróiseas inmheánach QERDS, déanfaidh QERDSP an próiseas iomlán i dtimpeallacht shlán agus rialaithe.

(6) 5.2.2 Forálacha maidir le fíordheimhniú QERDS AE

— REQ-QERDS-5.2.2-03 [COINNÍOLLACHA] Nuair a cheanglaíonn QERDSP modh fíordheimhniúcháin chuig céannacht an tseoltóra arna fíorú de réir chlásal 5.2.1, is ceann díobh seo a leanas a bheidh ann:

(a) sásraí fíordheimhnithe dhá fhachtóir;

(b) Tiachóg Eorpach Céannachta Digití nó modh ríomh-shainaitheantais ar tugadh fógra ina leith lena gcomhlíontar na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 8 de Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 [i.1] maidir leis an leibhéal dearbhaithe ‘ard’ nó ‘substaintiúil’;

(c) fíordheimhniú frithpháirteach TLS, lena n-áirítear an deimhniú a eisítear don seoltóir faoi NCP mar a shainmhínítear in ETSI EN 319 411-1 [2];

(d) síniú digiteach a dtacaítear leis le deimhniú arna eisiúint faoi NCP mar a shainmhínítear in ETSI EN 319 411-1 [2];

(e) modhanna eile lena n-áirithítear fíordheimhniú an tseoltóra shainaitheanta. Dearbhóidh comhlacht um measúnú comhréireachta comhréireacht na nascachta. Mar shampla: D’fhéadfaí a áireamh leis sin ceann de na modhanna thuas ó litreacha (a), (b) agus (d) a úsáid chun deimhniú cliaint um Shlándáil Sraithe Iompair a chlárú le haghaidh seoladh uathoibrithe trí TLS frithpháirteach, nó chun deimhniú séala dhigitigh a chlárú a úsáidtear chun dearbhuithe a shéalú chun fíordheimhniú a dhéanamh leis an ERDS. D’fhéadfadh sásraí eile a bheith i bhfeidhm freisin i gcás ina bhfuil na seoltóirí sainaitheanta ag baint úsáid as seirbhísí tarmligthe tríú páirtí.

— REQ-QERDS-5.2.2-03A [COINNÍOLLACH] Nuair a cheanglaíonn QERDSP modh fíordheimhnithe ar chéannacht faighteora arna fíorú de réir chlásal 5.2.1, is ceann díobh seo a leanas a bheidh ann, ar choinníoll go n-áirithítear leis an modh, nó le haon mheascán modhanna, leibhéal an-ard iontaoibhe maidir le céannacht an fhaighteora fhíordheimhnithe:

(a) sásra fíordheimhniúcháin ilfhachtóra

(b) Tiachóg Eorpach Céannachta Digití nó modh ríomh-shainaitheantais ar tugadh fógra ina leith lena gcomhlíontar na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 8 de Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 [i.1] maidir leis an leibhéal dearbhaithe ‘ard’ nó ‘substaintiúil’;

(c) deimhniú ríomhshínithe cháilithe nó deimhniú ríomhshéala cháilithe;

(d) modhanna eile lena n-áirithítear fíordheimhniú an fhaighteora shainaitheanta. Dearbhóidh comhlacht um measúnú comhréireachta comhréireacht na nascachta. Mar shampla: D’fhéadfaí a áireamh leis sin ceann de na modhanna thuas a úsáid ó litreacha (a) go (c) chun deimhniú cliaint um Shlándáil Sraithe Iompair a chlárú le haghaidh seoladh uathoibrithe trí TLS frithpháirteach, nó chun deimhniú séala digiteach a chlárú a úsáidtear chun dearbhuithe a shéalú chun fíordheimhniú a dhéanamh leis an ERDS. D’fhéadfadh sásraí eile a bheith i bhfeidhm freisin i gcás ina bhfuil na seoltóirí sainaitheanta ag baint úsáid as seirbhísí tarmligthe tríú páirtí.

— REQ-QERDS-5.2.2-04 [COINNÍOLLACH] Má nascann an seoltóir leis an QERDS ar nasc daingnithe lena n-éilítear fíordheimhniú frithpháirteach meaisín le meaisín idir meaisín an tseoltóra agus freastalaí QERDS bunaithe ar dheimhnithe arna n-eisiúint de réir NCP mar a shainmhínítear in ETSI EN 319 411-1 [2], ansin tar éis an nasc slán sin a bhunú, féadfar sásraí fíordheimhnithe fachtóra aonair a ghlacadh le haghaidh an dara céim d’fhíordheimhniú an tseoltóra má áirithítear iontaoibh i bhfíordheimhniú an tseoltóra leis na nósanna imeachta eagraíochtúla agus na bearta slándála a cuireadh i bhfeidhm.

(7) 5.4.1 Forálacha coiteanna

— REQ-ERDS-5.4.1-06 Déanfaidh an ERDS fianaise ERDS maidir le teagmhais ERD mar a shainmhínítear i gclásal 6 de ETSI EN 319 522-1 [3] a ghiniúint agus a chur ar fáil do pháirtithe leasmhara dlisteanacha.

— REQ-ERDS-5.4.1-07 Cartlann an ERDSP an fhianaise agus/nó na díleáiteoirí fianaise le haghaidh gach fianaise a d'eisigh sé.

— REQ-ERDS-5.4.1-08 Comhlíonfaidh an fhianaise ERDS arna giniúint ag an ERDS séimeantach fianaise a shainítear i gclásal 8 de ETSI EN 319 522-2 [4].

(8) 7.2.1 Forálacha coiteanna

— REQ-ERDS-7.2.1-02 Beidh pearsanra ERDSP i róil iontaofa in ann an ceanglas maidir le 'saineolas, taithí agus cáilíochtaí' a chomhlíonadh trí oiliúint fhoirmiúil agus dintiúir, nó trí thaithí iarbhír, nó trí mheascán den dá cheann.

— REQ-ERDS-7.2,1-03 Áireofar le comhlíonadh REQ-ERDS-7.2,1-02 nuashonruithe rialta (gach 12 mhí ar a laghad) ar bhagairtí nua agus ar chleachtais slándála reatha.

(9) 7.3.2 Láimhseáil na meán

— REQ-ERDS-7.3.1-02 Beidh feidhm ag na ceanglais uile ó ETSI EN 319 401 [1], clásal 7.3.3.

(10) 7.5 Rialuithe cripteagrafacha

— REQ-ERDS-7.5-01A Roghnóidh agus úsáidfidh ERDS teicnící cripteagrafacha oiriúnacha i gcomhréir leis na Sásraí Cripteagrafacha Comhaontaithe arna bhformhuiniú ag an nGrúpa Eorpach um Dheimhniú Cibearshlándála agus arna bhfoilsiú ag ENISA [5].

— REQ-ERDSP-7.5-03 Déanfar an eochair phríobháideach sínithe ERDS a choinneáil agus a úsáid laistigh do ghléas cripteagrafach slán ar córas iontaofa é atá deimhnithe i gcomhréir le:

(a) Critéir Choiteanna maidir le Meastóireacht Slándála Teicneolaíochta Faisnéise, mar a leagtar amach in ISO/IEC 15408 [6] nó i gCritéir Choiteanna maidir le Meastóireacht Slándála Teicneolaíochta Faisnéise, leagan CC:2002, Codanna 1 go 5, arna bhfoilsiú ag rannpháirtithe an tSocraithe maidir le Deimhnithe Critéar Coiteann a Aithint i réimse na Slándála TF, agus deimhnithe do EAL 4 nó níos airde; nó

(b) an scéim Eorpach um dheimhniú cibearshlándála bunaithe ar Chritéir Choiteanna (DCAE) [7][8] agus deimhnithe do EAL 4 nó níos airde; nó

(c) go dtí an 31.12.2030, FIPS PUB 140-3 [9] leibhéal 3.

Déanfar an deimhniú sin chuig sprioc slándála nó próifíl cosanta, nó chuig dearadh modúil agus doiciméadacht slándála, a chomhlíonann ceanglais an doiciméid seo, bunaithe ar anailís riosca agus bearta slándála fisiciúla agus neamhtheicniúla eile á gcur san áireamh.

Má bhaineann an gléas cripteagrafach slán tairbhe as deimhniú DCAE [7][8], déanfar an gléas sin a chumrú agus a úsáid i gcomhréir leis an deimhniú sin.

(11) 7.8 Slándáil líonraí

— REQ-ERDSP-7.8-04 Úsáidfidh ERDSP prótacail agus algartaim úrscothacha le haghaidh criptiú ar leibhéal na sraithe iompair i gcomhréir leis na Sásraí Cripteagrafacha Comhaontaithe arna bhformhuiniú ag an nGrúpa Eorpach um Dheimhniú Cibearshlándála agus arna bhfoilsiú ag ENISA [5].

— REQ-ERDSP-7.8-06 Déanfar an scanadh leochaileachta arna iarraidh le REQ-7.8-13 de ETSI EN 319 401 [1] uair amháin in aghaidh na ráithe ar a laghad.

— REQ-ERDSP-7.8-07 Déanfar an bréagionsaí tástála arna hiarraidh ag REQ-7.8-17X de ETSI EN 319 401 [1] uair sa bhliain ar a laghad.

— REQ-ERDSP-7.8-08 Déanfar ballaí dóiteáin a chumrú chun gach prótacal agus rochtain nach bhfuil gá leis chun an SSI a oibriú a chosc.

(12) 7.12 Pleananna foirceanta ERDSP agus ERDS

— REQ-ERDS-7.12-03 Comhlíonfaidh plean foirceanta ERDSP na ceanglais a leagtar amach sna gníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh de bhun Airteagal 24(5) de Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 [i.1].

(13) 7.14 Slabhra soláthair

— REQ-ERDS-7.14-01 Beidh feidhm ag na ceanglais a shonraítear in ETSI EN 319 401 [1], clásal 7.14.

IARSCRÍBHINN II

Liosta na gcaighdeán tagartha agus na sonraíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 2

Tá feidhm ag caighdeáin ETSI EN 319 522-1 V1.2.1 (2024-01) ('ETSI EN 319 522-1'), ETSI EN 319 522-2 V1.2.1 (2024-01) ('ETSI EN 319 522-2'), ETSI EN 319 522-3 V1.2.1 (2024-01) ('ETSI EN 319 522-3'), ETSI EN 319 522-4-1 V1.2.1 (2019-01) ('ETSI EN 319 522-4-1'), ETSI EN 319 522-4-2 V1.1.1 (2018-09) ('ETSI EN 319 522-4-2') agus ETSI EN 319 522-4-3 V1.1.1 (2018-09) ('ETSI EN 319 522-4-3').